

# **COMHAR**

AIBREÁN, 1974

15p



To Sliabh Luachra and Back—lth. 8

# OLLTOGHACHÁN '74 SA BHREATAIN BHEAG

## Ienár d'TUAIRISCEOIR POLAITÍOCHTA

OLLTOGHACHÁN NA NÁISIÚNAITHE atáthar anois ag tabhairt air, agus cé nár éirigh leo an oiread céanna suíochán agus a fuair na náisiúnaithe in Alban (SNP) a ghnóthú, tá an-áthas ar Plaid Cymru (Páirtí Náisiúnta na Breataine Bige) de bharr an dul chun chinn mór atá déanta acu san olltoghchán seo. Ní raibh suíochán ar bith acu i nDáil Westminster roimh an toghchán agus tá dhá MP anois acu. Níl siad ag rá mórán fós faoin bhealach inar thit a scair de na vótaí ó 11.5% go 10.8%.

A mhalairt de chás a bhí ann tar éis olltoghcháin 1970. Bhí an-díomá go deo orthu toise gur chaill ceannaire an pháirtí, Gwynfor Evans, an t-aon suíochán amháin a bhí acu i Westminster an tráth úd. Ní raibh aon ionadh ar an dtuairisceoir seo gur chailleadar an suíochán sin mar is i bhfothoghchán a ghnóthaíodar í, agus mheas mé gur chóir an ghliondar a bheith orthu faoin dóigh a méadaíodh scair vótaí ó 4.3% go 11.5% (COMHAR, Lúnasa 1970).

Roimh cúrsaí vótála na Breataine Bige a scrúdú go mion dúinn, is fiú breathnú ar an gcúlra maidir le suíochán i nDáil Westminster.

TÁBLA I—Suíocháin Bhreatnacha i Westminster sna trí Olltoghcháin Deiridh

Páirtí	1966	1970	1974
Lucht Oibre	.....	.....	.....
Tóraithe	.....	.....	.....
Liobarálaigh	.....	.....	.....
Plaid Cymru	.....	.....	.....
Eile	.....	.....	.....
IOMLÁN	.....	.....	.....

Tá sé soiléir uaidh seo gur dúiche thacaíocht an Lucht Oibre is ea an Bhreatain Bheag, cé go bhfuil meath ag teacht ar an tacaíocht seo de réir a chéile. Cuireann sé in iúl freisin go bhfuil na trí pháirtí eile ag dul chun chinn chun dochar an Lucht Oibre; i 1970 na Tóraithe agus i 1974 Plaid Cymru.

Ach, mar adúramar i 1970, is ar na vótaí seachas ar na suíocháin a ba chóir do pháirtí mionlaigh a aire a dhíriú, fiú, mar is fíor i gcás Phlaid Cymru, nuair a bhíonn suíochán de dhíth orthu chun iad féin a chur i bhfeidhm ar an bpobal mar pháirtí dáiríre creidiúnach. Má bhreathnaímid ar na vótaí, ní hionann an scéal díreach.

TÁBLA 2—Líon agus Céatadán na Vótaí 'sna trí Olltoghcháin Deiridh

Páirtí	Líon Vótaí			%		
	1966	1970	1974	1966	1970	1974
Lucht Oibre	863,692	798,641	745,547	60.7	52.7	46.8
Tóraithe	396,795	419,880	412,535	27.9	27.7	25.9
Liobarálaigh	89,108	103,747	255,423	6.3	6.8	16.0
Plaid Cymru	61,071	175,016	171,364	4.3	11.5	10.8
Eile	11,137	19,274	8,964	0.8	1.3	0.6
Iomlán	1,421,803	1,516,558	1,593,833	100	100	100

Siad na gnéithe is suntasaí den tábla seo ná :

Lucht Oibre agus Tóraithe ag cailliúint vótaí ó olltoghchán go chéile :

I 1970 d'imíodar seo chuig Plaid Cymru :

I 1974 d'imíodar chuig na Liobarálaigh :

B'iad na Liobarálaigh an tríú pháirtí sa Bhreatain Bheag i 1966 agus 1974:

D'éirigh le Plaid Cymru an tríú áit a bhaint amach in 1970 ach theip orthu í a choinneáil.

Bealach eile le breathnú ar na vótaí is ea na breisithe is na cailliúintí a scrúdú. Léiríonn Tábla 3 thíos gur imigh na vótaí nua agus na vótaí a chaill an Lucht Oibre chuig Plaid Cymru go príoma (71%), ach go ndearna na Tóraithe agus na Liobarálaigh méid áirithe dul chun cinn.

**TÁBLA III—Dáileadh na gCailliúintí is na Vótaí Nua i measc na bPáirtithe i 1970**

<i>Páirtí</i>	<i>Líon na Vótaí</i>	<i>Dáileadh na gCailliúintí is na Vótaí Nua (%)</i>
Plaid Cymru	+113,945	71.3
Tóraithe	+ 23,085	14.4
Liobarálaigh	+ 14,639	9.2
Eile	+ 8,137	5.1
Lucht Oibre Vótaí Nua	— 65,051 } 94,755 }	100 (159,806)

I 1974, áfach, d'éirigh leis na Liobarálaigh na vótaí nua ar fad a sciobadh agus líon maith a bhaint ó na páirtithe eile freisin. Cé gur bhaineadar an líon is lú ó Plaid Cymru, ba leor seo le scair Plaid a laghdú ó 11.5% go 10.8% agus iad a chur san cheathrú áit sa Bhreatain Bheag.

**TÁBLA IV—Foinsí Vótaí Breise na Liobarálach i 1974**

<i>Páirtí</i>	<i>Líon na Vótaí</i>	<i>Foinsí Vótaí na Liobarálach (%)</i>
Liobarálaigh	+151,676	100
Vótaí Nua	77,275	50.9
Lucht Oibre	— 53,094	35.0
Eile	— 10,310	6.8
Tóraithe	— 7,345	4.8
Plaid Cymru	— 3,652	2.4

Is fíor nár chaill Plaid Cymru ach 3,652 vóta ar fad i 1974. Ach, cé go bhfuil sé seo fíor faoin Bhreatain Bheag ina iomlán, tá cosúlacht eile ar fad ar an scéal má bhreathnaímid ar na dailcheantair aonair. Feicimid ansin gurbh ionann an cailliúint glan 3,652 vóta agus mórchailiúint 25,942 agus méadú vótaí 22,290. Ní fios go cinnte cé leo ar chaill Plaid na vótaí, ní féidir é seo a fháil amach gan cheist a chur ar an lucht vótála nó ar sampla ionadaíoch díobh, agus níl seo indhéanta. Níl i dtorthaí na ndailcheantar ach torthaí glan agus d'fhéadfaidís seo pátrúin éagsúla iompar vótála a cheilt. Mar sin féin tá pátrún cuíosach soiléir ins na torthaí: san chuid is mó de na ceantair ina bhfuair Plaid Cymru breis vótaí, is ón Lucht Oibre a tháinig siad agsu ins na ceantair inar chailleadar vótaí is chuig na Liobarálaigh a d'imigh siad.

Bhí dúshlán na Liobarálach le sonrú faoi dhá ghné éagsúla:

- (i) méadú ar a gcuid vótaí sna ceantair ina raibh iarrthóirí acu i 1970; agus
- (ii) iarrthóirí a chur ar aghaidh i gceantair nár sheas Liobarálach ar bith iontu i

1970. (Gléas é seo a thugann caoi do thacaíocht fholáigh é fhéin a chur in iúl. Áit nach bhfuil iarrthóir Liobarálach ann, bíonn ar lucht tacaíochta na Liobarálach vótaíl ar son páirtí eile nó fanacht sa bhaile).

Tá sé deacair tábhacht an dá chlaonadh seo a mheas go cruinn as na torthaí de bharr mórleasaithe teorainneacha i ndáilcheantair áirithe ó 1970 i leith, ach tá an chosúlacht ar na torthaí gur mar seo a bhí na cailliúintí ag Plaid Cymru. (Dála an scéil, tá sé suntasach gur i ndáilcheantair ina raibh Liobarálaigh ag seasamh an tráth seo a tharla na cailliúintí seo ar fad).

#### TÁBLA V—Cailliúintí Plaid Cymru i 1974

(i) ionaid inar sheas Liobarálach i 1970	—11,748
(ii) ionaid gan iarrthóirí Liobarálacha i 1970	— 5,468
(iii) ionaid ar deineadh mórleasaithe teorainneacha orthu ó 1970 i leith*	— 8,726
Mórchailliúint Plaid Cymru	—25,942

\*B'iad seo: ceithre dáilcheantar i gCardiff, dáilcheantar Barry, agus dáilcheantar Rhondda. Bhí dhá iarrthóir nua Liobarálach i gCardiff i 1974, agus duine amháin i Barry agus i Rhondda.

D'fhéadfaí a rá, má sea, gur tharla breis is a leath de na cailliúintí seo i ndáilcheantair nár sheas Liobarálaigh iontu i 1970. Mar sin d'imigh sé chun leasa na Liobarálach iarrthóirí a chur suas i ndáilcheantair nach raibh a leithéid acu i 1970. Tá sé seo cineál truamhéileach don Plaid, mar rinneadar siúd an rud céanna i 1970 nuair a mhéadaíodar a gcuid vótaí de bharr iarrthóirí a chur suas sna 36 dáilcheantair i gcomparáid le 20 i 1966.

Maidir leis an chóras "swings" a mbaineann lucht teilifíse is na nuachtáin úsáid astu, níl mórán maitheasa iontu an tráth seo leis na torthaí a chíoradh. Leis an chóras "swings" a úsáid, is gá go mbeadh thart ar 90% de na vótaí roinnte idir dhá pháirtí. I 1970 bhí 89% de vótaí na Ríochta Aontaithe ar fad roinnte idir an Lucht Oibre agus na Tóraithe agus bhí na meáin chumarsáide in ann a rá go raibh "swing" 4% chuig na Tóraithe ón Lucht Oibre. Ní raibh an toradh seo fíor i gcás na Breataine Bige i 1970 áfach, áit a raibh "swing" 7.6% ón Lucht Oibre chuig Plaid Cymru. An tráth seo níl aon chaint faoi "swings" toise gur thit céatadán vótaí an Lucht Oibre agus na dTóraithe chun socair na Liobarálach sa Ríocht Aontaithe i gcoitinne. D'fhéadfaí a rá, mar sin fhéin, go raibh "swing" 12% chuig na Liobarálaigh ó na Tóraithe ach go bháirithe agus ón Lucht Oibre freisin. Sa Bhreatain Bheag, cé go bhfuil cúrsaí beagáinín níos casta ná i 1970, d'fhéadfaí a rá go raibh "swing" 7.6% ón Lucht Oibre chuig na Liobarálaigh.

#### TÁBLA VI—Athrú i gCéatadán na Vótaí ag :

	<i>Tóraithe</i>	<i>Lucht Oibre</i>	<i>Plaid Cymru</i>	<i>Liobarálaigh</i>	<i>Eile</i>
1970	—0.2	—8.0	+7.2	+0.5	+0.5
1974	—1.8	—5.9	—0.7	+9.2	—0.7
Swing 1970 :	Ón Lucht Oibre chuig Plaid Cymru			7.6%	
Swing 1974:	Ón Lucht Oibre chuig na Liobarálaigh			7.6%	

Roimh chríochnú ar phlé líon na vótaí dúinn, tá sé le tabhairt faoi deara nár éirigh le Plaid Cymru líon a gcuid vótaí ins na cathracha móra a mhéadú agus is í seo an áit a bhfuil gá aici le breis vótaí má tá sí le dúshlán a chaitheamh leis an Lucht Oibre sa Bhreatain Bheag.

Maidir leis na suíocháin. Tá dhá MP anois ag Plaid Cymru: i Caernarfon agus Merioneth, agus chailleadar an tríú suíochán (Caerfyrddyn) le 3 vóta amháin. Tá siad anois ar an dara pháirtí i 7 dáilcheantair i gcomparáid le 1970 nuair a bhíodar san dara áit in 8 dáilcheantair agus gan suíocháin ar bith acu.

Dá mbeadh córas ionadaíocht cionúire (PR) i bhfeidhm sa Bheartain Bheag a dháilfeadh amach na suíocháin de réir céatadán na vótaí bheadh an toradh seo leanas ar chúrsaí.

**TÁBLA 7—Dáileadh na Suíochán le Córas Ionadaíocht Cionúire**

<i>Páirtí</i>	1966	1970	1974
Lucht Oibre .....	22	19	17
Tóraithe .....	10	10	9
Liobarálaigh .....	2	2	6
Plaid Cymru .....	2	4	4
Eile .....	—	1	—
Iomlán .....	36	36	36

Léiríonn sé seo an meath atá ag teacht ar an Lucht Oibre agus móramh na suíochán anois cailte acu. Ach níl anseo ach samhail, agus tá sé ag braith ar (i) córas a dháilfeadh amach na suíocháin go beacht de réir céatadán na vótaí, agus (ii) patrún na vótaí ag leanúint mar atá faoin chóras dáilcheantar aonchomhalta. Mar sin féin tugann an tábla le fios go rachadh córas dá leithéid chun leasa Plaid Cymru. In áit 2 shuíochán bheadh 4 cinn acu. Mheasfadh duine, b'fhéidir, go mba chóir go mbeadh méadú níos suntasaí ann leis an athrú córais, ach tá dhá chúis leis an difríocht a bheith chomh beag sin :

- (i) Níl ach 10.8% de na vótaí ag Plaid Cymru agus mar sin níl siad i dteideal níos mó ná 10.8% de na 36 suíocháin a fháil;
- (ii) Maidir leis an gcóras dáilcheantar aonchomhaltach le guthaíocht neamhinaistrithe atá i bhfeidhm, tá níos mó suíochán anois ag Plaid ná mar a bheiteá ag súil leis.

Maidir le (ii) thuas tá an-difir go deo idir méid na ndáilcheantar sa Bhreatain Bheag. Tá toghlacht 76,415 ag an cheann is mó (Wrexham) agus gan ach 26,518 ag an cheann is lú (Merioneth). Tá meánthoghlacht 55,708 ag dáilcheantair na Breataine Bige i gcoitinne, ach sna cinn ina bhfuil suíocháin ag Plaid nó ina bhfuil siad san dara áit níl ach meánthoghlacht 43,095, agus san dá cheann ina bhfuil suíocháin acu tá an mheánthoghlacht chomh beag le 34,372. D'éirigh le Plaid suíochán a ghnóthú i Merioneth le 7,823 vóta, ag an am gcéanna fuair iarrthóir an Lucht Oibre suíochán i Wrexham le 27,384 vóta, ionann is toghlacht iomlán Merioneth. B'é an mheánuimhir vótaí a ghnóthaigh iarrthóirí an Lucht Oibre a rug suíocháin leo sa Bhreatain Bheag ná 24,465; i gcás na dTóraithe 20,791; na Liobarálaigh 13,433; agus Plaid Cymru 10,963. Mar sin d'fhéadfaí a rá go bhfuil ag éirí níos fearr le Plaid ná mar ba chóir faoin gcóras atá i réim.

Dá mbeadh córas ionadaíocht cionúire i bhfeidhm do na 635 suíocháin sa Ríocht Aontaithe agus na suíocháin á dháileadh amach de réir an céatadán vótaí ag na pairtíthe, ní bheadh fós ach 4 shuíocháin ag Plaid, ach sa chás seo ní bheadh ach 32 suíocháin sa Bhreatain Bheag i gcomparáid leis na 36 atá ann faoi láthair.

Níl sé fíor ar ndóigh go leanfadh na pátrúin vótála céanna faoi chóras ionadaíocht cionúire, go háirithe dá mbeadh cineál éigin féinrialtais ag an mBreatain Bheag. Ag gach olltoghchán deirtear leis na Breatnaigh gur cur amú vóta é guth a chaitheamh le Plaid Cymru toisc gur i Westminster a chinntear ar todhchaí na tíre agus níl aon tionchur ag Plaid ansin. Is chun socair an Lucht Oibre a d'oibrigh an bagairt seo agus tá seans maith gur mhaolaigh sé roinnt ar an mheath atá ag teacht ar an bpáirtí sin sa Bhreatain Bheag. An tráth seo d'fhéadfadh gur chabhraigh an bagairt leis na Liobarálaigh toisc, díreach roimh an olltoghchán bhíotas ag súil go mbeidís i suíomh cumhachtach i Westminster.

Dá n-éireodh leis an mBreatain Bheag, áfach, féinrialtas d'aon tsaghas a bhaint amach, ní bheadh an éifeacht céanna ag an bagairt seo agus d'fhéadfadh feabhas mór a theacht ar chúrsaí Plaid Cymru. Go bunúsach níl páirtí an Lucht Oibre i bhfábhar féinrialtais don Bhreatain Bheag toisc go mbainfeadh seo de líon a gcuid MP i Westminster, agus cheana féin i 1969 chaitheadar an cheist ar fad faoi bhráid Coimisiúin Crowther (anois Kilbrandon) ag súil go molfadh sé siúd ina choinne, ach níor mhól. Anois tá 7 náisiúnaithe ó Alban i Westminster agus seans go gcuirfidh sé sin athrú ar an scéal. Pé scéal é, tá sé anois in am cuí don Plaid na torthaí seo a scrúdú agus beartú dá réir.